

Foirm RR1



Daoine Aonair Ard-Ioncaim: Teorannú ar Úsáid Faoiseamh¹ 2023 Ráiteas maidir le húsáid Faoiseamh Sonraithe agus Meastachán Ioncaim Inchánach agus Dlíteanas Cánach Ioncaim don bhliain chánach 2023

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)

Ná déan dearmad d'UPSP
a lua in aon chumarsáid le
d'Oifig Cánach

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Rannán an Ard - Bhailitheora
Bosca Poist 354
Luimneach

Tá an fhoirm seo le comhlánú ag aon cháiníocóirí atá faoi réir an tsriain, nó a bhfuil a gcéile / páirtneir sibhialta faoi réir an tsriain, más cuí²

Ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an seoladh thuas ar an 31 Deireadh Fómhair 2024 nó roimhe sin, in éineacht le d'Fhoirm 11 Tuairisceán Cánach agus Féinmheasúnú don bhliain 2023

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire nach mór Painéal O ar Fhoirm 11 2023 – Dreasachtaí Maoin-Bhunaithe ar a bhfuil Faoiseamh Á Éileamh sa Bhliain 2023 – a chomhlánú de réir mar is cuí, beag beann ar Fhoirm RR1 a chomhlánú agus a thíolacadh

Pionóis Shibhialta / Ionchúiseamh Coiriúil – Faoin dlí cánach, foráiltear go ngearrtar pionóis shibhialta agus pionóis choiriúla araon as ucht loiceadh ráiteas a dhéanamh, as ucht ráiteas bréagach a thabhairt, nó as ucht éascú a dhéanamh ar thuairisceán bréagach a thabhairt. I gcás ionchúiseamh coiriúil, féadfaidh sé, i gcás duine a chiontaítear ar díotáil i gcion, go mbeidh an duine faoi réir fíneáil nach mó ná €126,970 agus / nó fíneáil eile suas le dhá oiread na dífríochta idir an cháin dhearbhaite dhlite agus an cháin a fhaightear ar deireadh a bheith dlite agus / nó príosúnacht.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Priobháideachtas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ

DEARBHAÍM / DEARBHAÍONN MUID, feadh m'eolais agus mo thuairime, gurb éard atá sa ráiteas seo ná ráiteas ceart de réir fhorálacha an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997 (ACC, 1997) de

- (a) Na suimeanna arb ionann iad agus Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe
- (b) Cinneadh na suimeanna sin
- (c) Na meastacháin de réir Alt 485FB(4) den ACC 1997, agus
- (d) Gach ábhar eile ba cheart a chur san áireamh ar an bhfoirm seo

(Tú féin) Síniú		Dáta	(LL / MM / BBBB)
Cáil an tSínitheora			
(Céile nó Páirtneir Sibhialta) Síniú		Dáta	
Cáil an tSínitheora			

A. Ríomh an Ioncaim Choigeartaithe³

[illegible]

Céile nó Páirtnéir Sibhialta

[illegible]

								.00
--	--	--	--	--	--	--	--	-----

- 00

[illegible]

								.00
--	--	--	--	--	--	--	--	-----

								.00
--	--	--	--	--	--	--	--	-----

[illegible]

								.00
--	--	--	--	--	--	--	--	-----

B. Suim na Tairsí loncaim a Ríomh⁷

		1	2	5	0	0	0	.	00
--	--	---	---	---	---	---	---	---	----

		1	2	5	0	0	0	.	00
--	--	---	---	---	---	---	---	---	----

_____ . 00

[illegible][illegible]

								.00
--	--	--	--	--	--	--	--	-----

D. Ioncam Incháinithe Athríofa a Ríomh faoi Alt 485E den ACC, 1997

[illegible][illegible][illegible]

_____ . 00

[illegible]

								.00
--	--	--	--	--	--	--	--	-----

[illegible]

		.		.			.00
--	--	---	--	---	--	--	-----

, , . **00**
 , , . **00**

Foinse loncaim

Úsáidte in 2023

--	--	--	--	--	--	--	--	--

Céile nó Páirtnéir Sibhialta

5

--	--	--	--	--	--	--	--	--

Céile nó Páirtnéir Sibhialta

6

7

Nótaí maidir le Foirm RR1 a chomhlánú

¹ Tá treoir mhionsonraithe ar fáil ar www.revenue.ie [Féinmheasúnú agus féinfhostaíocht>Treoir maidir le féinmheasúnú>Srian ar Shaothraithe Ardioncainm]. Beidh srian ar fhaoisimh a úsáid i bhfeidhm ar dhuine aonair i leith 2023 sna cásanna seo

- tá loncam Coigeartaithe an duine aonair don bhliain cothrom le nó níos mó ná Suim na Tairsí Ioncain (€125,000 de ghnáth ach níos lú nuair atá ioncam imfhálaithe i gceist)
- tá Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe a úsáideann an duine aonair don bhliain cothrom le nó níos mó ná Suim na Tairsí Faoisimh €80,000, agus
- tá Comhiomlán na bhFaoiseamh Shonraithe a úsáideann an duine aonair níos mó ná 20 faoin gcéad d'Ioncam Coigeartaithe an duine aonair don bhliain

Chun na gcríocha seo, i gcás lánúineacha pósta nó páirtneirí sibhialta a ngearrtar cáin orthu faoin mbonn measúnaithe chomhpháirtigh, tá dliteanas gach duine ar an srian le ríomh ar leithligh

² I gcás lánúineacha pósta nó páirtneirí sibhialta

- a ndéantar measúnú orthu mar dhaoine singile, sa chás go bhfuil an bheirt chéile nó páirtneirí sibhialta faoi réir an tsriain, ní mór do gach céile nó páirtneir sibhialta foirm ar leith a úsáid
- a ndéantar measúnú orthu faoin mbonn measúnaithe chomhpháirtigh nó measúnaithe ar leithligh, sa chás go bhfuil an bheirt chéile nó páirtneirí sibhialta faoi réir an tsriain, ní mór don bheirt chéile nó páirtneirí sibhialta an fhoirm chéanna a úsáid. Mura bhfuil an srian i bhfeidhm ach ar chéile nó páirtneir sibhialta amháin, ba chóir don chéile nó páirtneir sibhialta atá faoi réir an tsriain an fhoirm a chomhlánú ach ní mór go léireofaí ag Líne A1 ioncam comhpháirteach incháinithe na beirte céile nó páirtneirí sibhialta agus go léireofaí ag Líne A2 an t-ioncam faoi seach do gach céile nó páirtneir sibhialta

³ Is éard is Ioncam Coigeartaithe (mar a shainmhínítear in Alt 485C den ACC, 1997) ná an tsuim tugtha ag an bhfoirmle: **(T + S) - R**

T is ea suim ioncain incháinithe duine aonair do bhliain chánach socraithe ar an mbonn nach bhfuil Caibidil 2A de Chuid 15 den ACC, 1997, seachas Alt 485F, i bhfeidhm don duine aonair don bhliain agus, i gcás lánúineacha pósta nó páirtneirí sibhialta a ngearrtar cáin orthu faoin mbonn measúnaithe chomhpháirtigh nó measúnaithe ar leithligh, socraithe ar an mbonn go ríomhtar ioncam incháinithe gach céile nó páirtneara shibhialta ar leithligh de réir fhorálacha Alt 485FA den ACC, 1997

S is ea Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe úsáidte ag an duine aonair don bhliain (**féach Painéal G**)

R is ea suim ioncain imfhálaithe duine aonair do bhliain chánach, más ann (**féach Painéal F**)

⁴ Is é an tsuim atá le cur isteach sa bhosca seo ná ioncam comhpháirteach incháinithe na beirte céile nó páirtneirí sibhialta ríofa ar an mbonn nach mbeidh feidhm leis an srian ar fhaoisimh a úsáid do cheachtar céile nó páirtneir sibhialta don bhliain 2023. Aon fhaoiseamh barrachais faoi Alt 485F, áfach, a thógtar ar aghaidh ó 2022 (agus / nó ó bhlianta roimhe sin), ba chóir iad a chur san áireamh nuair atá an t-ioncam incháinithe á ríomh. Maidir le hioncam nach gcuirtear san áireamh nuair atá an t-ioncam iomlán á ríomh, níor chóir é a chur san áireamh nuair atá an t-ioncam incháinithe á ríomh

⁵ I gcás lánúineacha pósta nó páirtneirí sibhialta a ngearrtar cáin orthu faoin mbonn measúnaithe chomhpháirtigh, éilítear le forálacha Alt 485FA den ACC, 1997 gur chóir go ríomhtar ioncam incháinithe gach céile nó páirtneara shibhialta ar leithligh. **Tabhair do d'aire:** Ní mór ioncam incháinithe **ar leith** gach céile nó páirtneara shibhialta a chur isteach ag Líne A2 (agus ag Líne 602 de Phainéal K ar an bhFoirm 11) fiú mura bhfuil an srian i bhfeidhm ach ar chéile nó páirtneir sibhialta amháin. Maidir le hioncam nach gcuirtear san áireamh nuair atá an t-ioncam iomlán á ríomh, níor chóir é a chur san áireamh nuair atá an t-ioncam incháinithe á ríomh

⁶ Is éard atá i suim Faoisimh Shonraithe a úsáidtear in 2023, i gcás liúntais, asbhainte, aisíocaíochta nó faoisimh eile, ná an chuid sin de shuim iomlán an fhaoisimh úsáidte ag an duine aonair sa bhliain 2023 agus atá, i gcás díolúine, suim an ioncain dhíolmhaith ag eascairt chuig an duine aonair don bhliain 2023 socraithe faoi na gnáthrialacha cánach ioncain chun suim na mbrabús, na ngnóthachán nó an ioncain a bheidh le muirearú i leith cáin a ríomh. I gcás lánúineacha pósta nó páirtneirí sibhialta, ba chóir go n-áireofaí i suim aon Fhaoisimh Shonraithe úsáidte an duine aonair suim aon fhaoisimh a d'úsáid an duine aonair agus a tháinig óna chéile nó páirtneir sibhialta ach nach raibh úsáidte ag an gcéile nó páirtneir sibhialta mar gheall nach raibh ioncam dóthanach acu, srl

⁷ Is é Suim na Tairsí Ioncain le haghaidh 2023 ná €125,000 nuair nach bhfuil ioncam imfhálaithe i gceist. Sa chás go bhfuil ioncam imfhálaithe i gceist, bain úsáid as an bhfoirmle i Líne B2 chun Suim na Tairsí Ioncain le haghaidh 2023 a ríomh

⁸ Is é Ioncam Incháinithe Athríofa duine aonair ná an tsuim tugtha ag an bhfoirmle **T + (S - Y)**

T is ea suim ioncain incháinithe duine aonair do bhliain chánach socraithe ar an mbonn nach bhfuil Caibidil 2A de Chuid 15 den ACC, 1997, seachas Alt 485F, i bhfeidhm don duine aonair don bhliain agus, i gcás lánúineacha pósta nó páirtneirí sibhialta a ngearrtar cáin orthu faoin mbonn measúnaithe chomhpháirtigh nó measúnaithe ar leithligh, socraithe ar an mbonn go ríomhtar ioncam incháinithe gach céile nó páirtneara shibhialta ar leithligh de réir fhorálacha Alt 485FA den ACC, 1997

S is ea Comhiomlán na bhFaoiseamh Sonraithe úsáidte ag an duine aonair don bhliain (**féach Painéal G**)

Y is ea Suim na Tairsí Faoisimh €80,000 nó, más níos airde, 20 faoin gcéad d'Ioncam Coigeartaithe an duine aonair (**féach Painéal C**)

⁹ I gcás lánúineacha pósta nó páirtneirí sibhialta a ngearrtar cáin orthu faoin mbonn measúnaithe chomhpháirtigh, sa chás nach bhfuil an srian i bhfeidhm ach ar chéile nó páirtneir sibhialta amháin, cuir isteach bunioncam incháinithe (más ann) an chéile nó an pháirtneara eile sa spás a bhaineann leis an gcéile nó leis an bpáirtneir sin ag Líne 603 ar an bhFoirm 11

¹⁰ Is é seo do mheastachán cánach ba chóir a mheas agus an tsuim chánach a ríomhtar trí na rátaí agus bandaí cánach iomchuí a chur i bhfeidhm ar an bhfigiúr Ioncam Incháinithe Athríofa

Féadtar tuilleadh eolas a fháil trí dhul i muinín na reachtaíochta cuí.